

LEABHAIR THAIGHDE
An 102ú hImleabhar

Fin de Siècle na Gaeilge

Darwin, an Athbheochan agus
Smaointeoireacht na hEorpa

Brian Ó Conchubhair



An Clóchomhar
Cló Iar-Chonnachta
Indreabhán
Conamara

An Chéad Chló 2009
© An Clóchomhar Tta 2009

ISBN 978-1-905560-46-2

Dearadh: Johan Hofsteenge / Deirdre Ní Thuathail
Dearadh an chlúdaigh: Clifford Hayes
Obair Ealaíne an chlúdaigh: 'Low Tide' le Paul Henry. Le cead ón Dublin City
Gallery, The Hugh Lane.

Is inphrionta de chuid Chló Iar-Chonnachta é An Clóchomhar.



Foras na Gaeilge

Tá Cló Iar-Chonnachta buíoch de Fhoras na Gaeilge as
tacaíocht airgeadais a chur ar fáil.






Faigheann Cló Iar-Chonnachta cabhair airgid
ón gComhairle Ealaíon.

Gach ceart ar cosaint. Ní ceadmhach aon chuid den fhoilseachán seo a atáirgeadh,
a chur i gcomhad athfhála, ná a tharchur ar aon bhealach ná slí, bíodh sin
leictreonach, meicniúil, bunaithe ar fhótachóipeáil, ar thaifeadh nó eile, gan
cead a fháil roimh ré ón bhfoilsitheoir.

Clóchur: Cló Iar-Chonnachta, Indreabhán, Co. na Gaillimhe.
Teil: 091-593307; Facs: 091-593362; r-phost: cic@iol.ie
Priontáil: Future Print, Baile Átha Cliath 13.
Teil: 01-8399800

do Thara



‘Avoid very fast speakers and old people without teeth.’

Eoin Mac Néill

Clár

Buíochas	ix
Réamhrá: Oidhreacht Darwin agus an Ghaeilge	1
1. An Náisiúnachas Cultúrtha agus an Ghaeilge	13
2. An Meathlú agus an Athbheochan	51
3. Díothú Ciníocha, Meascadh Fola agus Cros-síolrú	72
4. An Ghall-Ghaeilge, an Béarlachas agus Mná na hÉireann	97
5. Frithnimh an Bhéarlachais: <i>Eugenics</i> na Gaeilge	120
6. An Cló Gaelach agus an Cló Rómhánach	145
7. Litriú na Gaeilge: An Fogha Foghraíochta	169
8. Na Canúintí: <i>Patois</i> Meathlaithe nó Foinse Fuinnimh?	193
9. An Ghramadach: Bunús na Teanga Sainiúla	215
10. Úrscéalta na Bliana 1901: <i>Cormac Ua Conaill agus Grádh agus Crádh</i>	237
Nótaí	261
Foinsí	326
Innéacs	341

Buíochas

Is mó duine a chabhraigh liom agus an saothar seo idir lámha le blianta beaga anuas. Gabhaim buíochas le Scoil na Gaeilge agus foireann Áras na Gaeilge (Ollscoil na hÉireann, Gaillimh): an tOllamh Gearóid Denvir, an tOllamh Mícheál Mac Craith, Peadar Mac an Iomaire, Nuala Uí Aimhirgín agus Máire Uí Ghriallais. Agus táim buíoch den Dr Tadhg Foley, den Dr Louis de Paor, den Dr Róisín Ní Ghairbhí agus den Ollamh Gearóid Ó Tuathaigh. Ina dteannta tá buíochas tuillte ag go leor daoine eile: Beth Bland, an tOllamh Mike Cronin, an Dr Joyce Flynn, an Dr Hugh Fogarty, an tOllamh Christopher Fox, an Dr Brendan Kane, Dyann Mawhorr, an tOllamh Jim McCloskey, an Dr Liam Ó Páircín, an tOllamh Diarmuid Ó Giolláin, Mary O'Callaghan agus Nila Gerhold, agus an tOllamh Alan Titley. Ba mhór an chabhair dom mo chomhghleacaithe i Roinn Theanga agus Litríocht na Gaeilge in Ollscoil Notre Dame: an Dr Sarah McKibben, an Dr Peter McQuillan, an tOllamh Bríona Nic Dhiarmada, an tOllamh Breandán Ó Buachalla – gabhaim fíorbhuíochas leo as an saothar seo a phléil liom, agus is cinnte gur feabhsaíodh é dá bharr. Táim faoi chomaoín, leis, ag Cló Iar-Chonnachta: Deirdre Ní Thuathail, Mícheál Ó Conghaile agus Lochlainn Ó Tuairisg as an mórshaothar a chuireadar orthu féin ag cóiriú an téacs agus á ullmhú do na clódóirí. Tá buíochas tuillte ag an Dr Caitriona Ó Torna, Rannóg an Aistriúcháin, as an gcúnamh agus as an gcairdeas le blianta beaga anuas, agus a bhí sásta éisteacht agus cabhrú i gcónaí. Cé go bhfuil buíochas tuillte ag gach aon duine dá bhfuil luaite anseo agam, is é an tOllamh Philip O'Leary is mó a bhfuilim faoi chomaoín aige ó chuir sé spéis san ábhar seo, agus lean sé de á mo ghríosú agus á mo spreagadh, agus ba é a bhí sásta a chuid saineolais fhairsing a roinnt liom go fial. Tá an-bhuíochas ag dul don Ollamh Nollaig Mac Congáil, a bhí sásta foinsi a dhearbhuí i gcónaí nuair nach raibh teacht orthu sa taobh seo tíre. Ní hiad na daoine seo atá luaite agam ach mise amháin atá freagrach as aon bhotún atá sa saothar seo. Is mó leabharlannaí a chabhraigh liom agus an taighde seo idir lámha, agus táim buíoch d'fhoireann na leabharlainne i Leabharlann James Hardiman, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, Margaret Hughes go háirithe; d'fhoireann na leabharlainne i Leabharlann O'Neill agus Leabharlann Burns in Boston College; d'fhoireann na leabharlainne in Ollscoil Notre Dame, Aedín Ní Bhroithe-Clements agus Ken Kinslow go háirithe, beirt a thug cúnamh go fial foighneach dom; d'fhoireann na leabharlainne i mBailiúcháin Speisialta, UC Berkeley; d'fhoireann na leabharlainne i Leabharlann Widener, Ollscoil Harvard; agus d'fhoireann Leabharlann Náisiúnta na hÉireann. Táim buíoch chomh maith den Harvard Celtic Studies Colloquium, den UC Berkeley Celtic Colloquium, de Scoil Samhraidh Merriman, den Keough-Naughton Seminar in Ollscoil Notre Dame; den

Ollamh Kevin Whelan agus den Irish Seminar i dTeach Uí Chonaill, Baile Átha Cliath; agus d’Ionad Léann na hÉireann, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, a thug deiseanna dom cuid den ábhar seo a chur os a gcomhair agus a phlé. Bhronn an tÚdarás um Ard-Oideachas (An Chomhairle um Thaighde sna Dána agus sna hEolaíochtaí Sóisialta) agus Dámh na nDán, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, comhaltachtaí éagsúla orm a chabhraigh go mór liom, mar a dhein Ollscoil Notre Dame. Foilsíodh leagan de chaibidil 6 san *Irish University Review* (2003) faoin teideal ‘The Gaelic-Roman Font Controversy: The Gaelic League’s (Post-Colonial) Crux’, agus gabhaim buíochas leis an aoi-eagarthóir, an tOllamh Margaret Kelleher. Ar deireadh gabhaim buíochas ó chroí le mo thuismitheoirí, Dawn Guinness agus Seán Seosamh Ó Conchubhair, as ar dhein siad agus as a ndeineann siad dom, agus gan dabht le Tara, a d’fhan go foighneach agus go fadfhulangach. As *Irisleabhar na Gaedhilge* Iml. 6, Uimh. 9, Meán Fómhair 1895, an t-eipeagraf.

Admhálacha Foilsitheoireachta

Mo bhuíochas do na foilsitheoirí seo a leanas a thug cead dom sleachta éagsúla dá gcuid a atáirgeadh sa téacs:

Allen & Unwin, An Clóchomhar, An Sagart, A. P. Watt, Barnes & Noble, Bloomsbury Academic, Bloomsbury Publishing, Cambridge University Press, Cló Chois Fharraige, Clódhanna Teo., Cló Iar-Chonnachta, Clólan Uí Mhathúna, Cló Mercier, Cló Ollscoil na Banríona, Cló Thalbóid, Coiscéim, Cois Life, Conradh na Gaeilge, Cork University Press, Cornell University Press, Duke University Press, Field Day Press, Foilseacháin Náisiúnta Teoranta, Four Courts Press, Harper Collins, I. B. Tauris & Co. Ltd, Irish Academic Press, Irish University Press, Mac Giolla Pádraig, McGill-Queen’s University Press, Oifig an tSoláthair, Oxford University Press, Palgrave Macmillan, Penguin Group UK, Penn State Press, Princeton University Press, Random House, Rannóg an Aistriúcháin, Taylor & Francis, The Lilliput Press, University of California Press, University of Chicago Press, University of Massachusetts Press, Wiley-Blackwell, W. W. Norton & Company Inc.

Táim buíoch den Dublin City Gallery, The Hugh Lane, as cead a thabhairt ‘Low Tide’ le Paul Henry a chur ar an gclúdach.

Réamhrá: Oidhreacht Darwin agus an Ghaeilge

Coincidentally, the first stirrings of the Irish revival occurred just as the writings of Charles Darwin were revolutionizing all forms of knowledge. Irish remained totally impervious to his main message, that illusions of immutability amount to stagnation and that means death.¹

Maolmhaadhóg Ó Ruairc

[W]hat was philology on the one hand if not a science of all humanity [but also] a harsh divider of men into superior and inferior races?²

Edward Said

Cad a spreag Athbheochan na Gaeilge? Cad iad na smaointe a ghríos na fir agus na mná a ghlac páirt san imeacht áirithe sin ag an am áirithe sin? An raibh puinn difríochta idir téis Thomas Davis i leith na teanga roimh an nGorta Mór agus téis Dhubhglais de hÍde sna blianta deireanacha den naoú haois déag? Murar glacadh le téis Thomas Davis an t-am úd, cad a tharla san idirlinn a d'fhág gur glacadh leis ar ball? Cad iad na tuairimí agus na smaointe a mhúnlaigh an grúpa ilchineálach sin ar a dtugtar 'Athbheochanóirí' orthu chun dul i mbun gnímh ag deireadh na haoise?³ Is ceisteanna den sórt sin a spreag an leabhar seo agus a leag a chúrsa.

Is cás inní do Bhreandán Ó Doibhlin ina shaothar bunúil ar léirmheastóireacht na Gaeilge, *Aistí Critice agus Cultúir*, 'a theirce is atá machnamh a rinneadh ar fháthanna na hathbheochana'.⁴ Mar thoradh air sin, dar leis, d'fhéadfaí a áitiú 'go bhfuil cuid éigin den cheart ag an dream a dhéanann beag di, á rá nach raibh de bhunús léi riamh ach tionchar athlámhe ó aois an rómánsachais agus ó fhealsúnacht na nGearmánach úd, Herder, Fichte agus Schleiermacher'.⁵ Agus cloistear macalla cheist Uí Dhoibhlin sa chlabhsúr a chuir Aisling Ní Dhonnchadha lena Léacht Uí Chadhain nuair a d'fhógair sí 'gur gá agus gur fiú dúinn foinsí ghluaiseacht na hAthbheochana a iniúchadh agus a athbhreithniú le go mbeidh loinnir bhreise tuisciana againn ar na daoine sin agus do na daoine sin ar líonadh a gcroíthe le solas mór – solas "Fháinne an Lae".⁶

Tugann an leabhar seo mar sin faoi stair intleachtúil na hAthbheochana Gaeilge sa tarna leath den naoú haois déag a ríomh agus a scagadh ó thaobh ghluaiseacht smaointeoireacht na hEorpa de. Ag tosnú amach le himní Uí Dhoibhlin i dtaobh spreagadh na hAthbheochana, caitear solas nua ar fháthanna, ar idé-eolaíochtaí agus ar dhioscúrsaí na hAthbheochana Gaeilge. Fiosraítear anseo na gluaiseachtaí smaointe, na teoricí cultúrtha agus na hidé-eolaíochtaí éagsúla a mhúnlaigh agus a thóg tuiscintí na nAthbheochanóirí i dtaobh ghnéithe éagsúla na teanga: an cló, an litriú, an ghramadach, cora cainte, an canúnachas agus an t-úrséal.

Is insint nua í seo ar an Athbheochan, a fhéachann lena chomhthéacsú agus a fhiosrú i dtéarmaí na hEorpa seachas géilleadh don leagan údarásach a ríomhann stair liteartha na hÉireann go hiondúil. Is é a tharla, dar le stair liteartha na hÉireann, ná gur thug glúin óg na hÉireann a gcúl don pholaitíocht reachtúil le bás Charles Stewart Parnell agus a n-aghaidh ar an náisiúnachas cultúrtha le scríbhneoireacht Davis mar threoir acu agus eisean ag leanúint réalta eolais na nGearmánach.⁷ Is ollscéal neamhchasta é seo a áitíonn gur shíolraigh teoiricí de hÍde agus na nAthbheochanóirí caol díreach ó na Gearmánaigh thuasluaite trí Thomas Davis agus *The Nation* agus gurb é bás Pharnell ba chúis leis an mborradh sa náisiúnachas cultúrtha.⁸ Feictear do Thraolach Ó Ríordáin dá bharr, ina shaothar tionscnamhach ar Chonradh na Gaeilge i gCorcaigh, go bhfuil criticeoirí agus staraithe áirithe ‘faoi dhraíocht ag turnamh taibhseach Pharnell’ agus go mbraitear ‘iarracht den leagan amach céanna ar ráitis scoláirí na Gaeilge féin’.⁹ Tuigtear dó, más ea, go bhfuil ‘cás Pharnell chomh mealltach sin nach aon ionadh go rachfaí ar thóir eachtra aonair eile ar nós Chogadh na mBórach mar a dheineann [R. F.] Foster, chun forbairt ghluaiseacht na hathbheochana a mhíniú’ seachas ceisteanna bunúsacha a tharraingt anuas i dtaobh na hAthbheochana.¹⁰

Ar an lámh eile de is cúis ghearáin do Shinéad Garrigan Mattar a laghad aird a thugann criticeoirí ar dhul chun cinn na teangeolaíochta comparáidí sa Léann Ceilteach. Níor fiosraíodh, dar léi, ceist na heolaíochta comparáidí i dtaobh na hAthbheochana agus conas a chuaigh sé sin i bhfeidhm ar scríbhneoirí na hAthbheochana, gan trácht ar dhioscúrsa na hAthbheochana.¹¹ Cloítear leis an ortadocsacht, dar léi, a mhíníonn idé-eolaíocht na hAthbheochana i dtéarmaí Ernest Renan agus Matthew Arnold. Mar a deir sí: ‘In ignoring the existence of “Celtology” critics have too often analysed the Celticism, and thus the primitivism, of the Irish Revival only in terms of the romantically primitivist tradition that Ernest Renan vocalized in his 1854 essay “La Poésie des races celtiques” and which Matthew Arnold minted in Britain in “On the Study of Celtic Literature” (1867)’.¹² Fiú agus an bhun-aiste san Fhraincis á scríobh ag Renan, a deir sí, ‘his methods were being outpaced by “the advent of science”’.¹³ Sampla eile é seo ar fad, b’fhéidir, mar atá ráite, den tsintéis ag teacht ‘chun cinn go rímhínic róluath, sula mbíonn an fhianaise uile foilsithe nó meáite, agus go gcloítear feasta leis an tsintéis sin mar léamh údarásach ortadocsach ar thréimhse, ar sheánra nó ar dhán faoi leith’.¹⁴

Déanann an léamh gur athleagan de théis Davis í idé-eolaíocht na hAthbheochana agus an léamh a shéanann an dul chun cinn san eolaíocht chomparáideach éagóir ar léann na hAthbheochana. Déanann sé talamh slán de nár imir an réabhlóid tuisceana a thit amach sa léann agus san eolaíocht sa tarna leath den naoú haois déag tionchar dá laghad, maith nó olc, ar dhioscúrsa na Gaeilge. B’ionann, más ea, dioscúrsa na Gaeilge

roimh an nGorta agus deireadh an chéid: níor tháinig forbairt, athrú ná claochlú ar bith air idir an dá linn.¹⁵ Gné amháin de na fadhbanna a bhaineann leis an ollscéal neamhaimpléiseach seo ná go nglactar leis gurbh ionann an náisiúnachas cultúrtha le linn an naoú haois déag ar fad agus nár tháinig de híde ná a leathbhádóirí faoi anáil aon ghluaiseachta eile a bhí thuas le linn an dara leath den naoú haois déag. Is é bás Pharnell, más ea, a thugann ar an bpobal casadh siar i dtreo Davis agus Young Ireland, agus tagann an náisiúnachas cultúrtha, mar a mhúnlaigh na Gearmánaigh é, faoi bhláth an athuair.¹⁶ Ní bréagnú ná díspeagadh na teoirice úd is cuspóir don leabhar, ná go deimhin aon chúis aonair eile a chur ina háit; is iarracht é an leabhar seo, áfach, chun aird an léitheora a tharraing ar an réabhlóid eolais agus tuisceana a thit amach san Eoraip sa dara leath den naoú haois déag agus tionchair na réabhlóide eolais sin ar dhioscúrsa na Gaeilge, agus ar na himpleachtaí a bhí aici ar an tslí ar tuigeadh agus ar pléadh an teanga, an litríocht, an cultúr, an ghramadach, an litriú, an canúnachas agus gluaiseacht na hAthbheochana trí chéile. Bhí níos mó i gceist mar bhunús agus mar fháth ag an Athbheochan ná tionchar athlámhe, agus is í aidhm an leabhair seo cuid den stair intleachtúil agus den ghluaiseacht smaointeoireachta as ar fáisceadh idé-eolaíocht na hAthbheochana a fhiosrú. Dar le Eric Hobsbawm: ‘There are times when man’s entire way of apprehending and structuring the universe is transformed in a fairly brief period of time, and the decades which preceded the First World War were one of these’,¹⁷ agus is sa chomhthéacs sin a scrúdaítear an Athbheochan anseo.

Chonacthas do Mhaolmhaodhóg Ó Ruairc le déanaí ina leabhar *Ar Thóir Gramadach Nua / In Search of a Grammar* go raibh Athbheochan na Gaeilge dall ar an réabhlóid léinn agus tuisceana úd a thit amach de bharr fhionnachtana Charles Darwin sa naoú haois déag agus gur ‘dhiúltaigh an Ghaeilge do na teoiricí a shín an Darwineachas chuige’¹⁸:

Faoi mar a tharla, saolaíodh athbheochan na Gaeilge san oíche chéanna nach mór agus an oíche a cuireadh tús leis an gclampar intleachtúil a lean scríbhinní Charles Darwin. Ar an drochuair dhiúltaigh an Ghaeilge do na teoiricí a shín an Darwineachas chuige agus b’ionann an diúltú sin agus pleanálaithe bóthair bheith ag séanadh go bhfuil na gluaisteáin ag dul i líonmhaireacht agus an trácht ag dul i méid.

Is féidir a cheapadh go gcuirfí bonn láidir faoin nGaeilge dá gcuirfí sonrú i dtuairimí Darwin. Ina ionad sin cuireadh dlús leis an iontaise a bhí á déanamh den Ghaeilge ag an am sin. In ionad teanga bheo a scagadh amharcadh ar an teanga mar shampla seandálaíochta.¹⁹

Má ghéilltear, mar a dhéantar go hiondúil, don ollscéal gur athleagan den náisiúnachas cultúrtha Gearmánach amháin í Athbheochan na Gaeilge, déantar í a dheighilt ón trasfhoirmiú tuisceana a thit amach san

eolaíocht agus sa staidéar daonna de bharr fhionnachtana Darwin agus na scoláirí a spreag sé: Max Müller, Robert Knox, Arthur Gobineau, Max Nordau, Benedict Augustine Morel, Cesare Lombroso, Matthew Arnold. Caolaíonn, bochtaíonn agus go deimhin séanann a leithéid de thuairimíocht ilghnéitheacht agus ilfhiúsacht na hAthbheochana. Ní hamháin sin ach léirítear na hAthbheochanóirí mar dhream a bhí scoite amach ó shruthanna intleachtúla na hEorpa; feictear iad mar bhuíon sheanchaite athdhúchasach le hidé-eolaíocht chlochraithe shiochta seachas dream ar chuir *Irisleabhar na Gaedhilge* síos orthu mar seo a leanas: ‘in the noted Bismarckian phrase, it is abundantly clear that the founders of the Gaelic League have “seized the psychological moment”’.²⁰ Mar a áitíonn an Ruairceach: ‘the writings of Charles Darwin were revolutionizing all forms of knowledge’,²¹ agus d’athraigh scríbhinní agus teoiricí Darwin cúrsaí léinn, cúrsaí tuisceana agus cúrsaí eolaíochta ón mbonn aníos ar fud na hEorpa agus níos faide ó bhaile. Agus shíolraigh agus bhláthaigh a scéal dúshlánach conspóideach in ithir na hÉireann agus in ithir na Gaeilge ar nós gach tíre agus teanga eile.

Ba iad teoiricí Darwin maidir le ‘bua na hoiriúnachta’ ba chúis le go leor den ghníomhaíocht intleachtúil agus de na conspóidí idé-eolaíochta a thit amach laistigh de shaol cultúrtha agus intleachtúil na hEorpa um an dtaca seo. Bhí téamaí na cros-síolrachta, bua na hoiriúntachta, teip na gciníocha laga, agus sainmhíniú idir speicis (teangacha) agus típeanna (canúintí) lárnach do theoiricí Darwin. Ba iad na tuairimí agus téarmaí úd a spreag a chomhghleacaithe agus a chuir go leor acu, idir léannta agus neamhléannta, i mbun pinn, agus a leag amach clár taighde agus díospóireachta na linne atá á scrúdú anseo. Go deimhin, i measc na gceisteanna móra a mhúscail Darwin ina leabhar *On the Origin of Species by means of Natural Selection, or, The Preservation of Favoured Races in the Struggle for Life* sa bhliain 1859, bhí ceist na cros-síolrachta agus an chrosphóraithe agus conas speicis faoi leith a shainmhíniú, agus d’imir an cheist sin tionchar lárnach ar an tslí a ndéanfaí idirdhealú idir pobal agus cine, treibh agus náisiún, teanga agus canúint, mar a fheicfead. Bhí dlúthbhaint ag tuairimí conspóideacha Darwin i dtaobh bhunús agus todhchaí an chine agus léann na dteangacha. Cuireadh na téiseanna a d’fhógair sé i bhfeidhm ar léann na dteangacha gach pioc chomh tapaidh agus a glacadh leo mar mhíniú aontoise do chliarlathas agus d’ordlathas na gciníocha éagsúla. Mar a d’fhógair an scoláire Gearmánach August Schleicher tar éis do *The Origin of Species* a léamh: ‘not a word of Darwin’s need be changed here if we wish to apply this reasoning to languages’²², agus ‘The rules now, which Darwin lays down with regard to the species of animals and plants, are equally applicable to the organisms of languages, that is to say, as far as the main features are concerned’.²³ Dar le Garrigan Mattar: ‘The rise of the “newest and most important of the sciences”, anthropology, dispelled the illusion that so-called primitive peoples were in

any sense simply exemplars of an Edenic condition of well-mannered and honourable naturalness from which Western society had fallen, and the degenerationist model behind the noble savage was transformed into an evolutionary one'.²⁴ Go deimhin bhreac Darwin féin sa bhliain 1871 ina tharna leabhar, *The Descent of Man*: 'The formation of different languages and of different species, and the proofs that both have been developed through a gradual process, are curiously the same'²⁵ ('curiously parallel' sa leagan athbheithnithe). In *The Origin of Species*, mhíniú sé conas a d'iompaigh 'the varieties, or incipient species . . . into new and distinct species; and these, on the principle of inheritance, tend to produce other new and dominant species' trí chomparáid a dhéanamh le teangacha:

It may be worth while to illustrate this view of classification, by taking the case of languages. If we possessed a perfect pedigree of mankind, a genealogical arrangement of the races of man would afford the best classification of the various languages now spoken throughout the world; and if all extinct languages, and all intermediate and slowly changing dialects, had to be included, such an arrangement would, I think, be the only possible one. Yet it might be that some very ancient language had altered little, and had given rise to few new languages, whilst others (owing to the spreading and subsequent isolation and states of civilisation of the several races, descended from a common race) had altered much, and had given rise to many new languages and dialects. The various degrees of difference in the languages from the same stock, would have to be expressed by groups subordinate to groups; but the proper or even only possible arrangement would still be genealogical; and this would be strictly natural, as it would connect together all languages, extinct and modern, by the closest affinities, and would give the filiation and origin of each tongue.²⁶

Agus arís in *The Descent of Man*, d'fhógair sé:

Languages, like organic beings, can be classed in groups under groups; and they can be classed either naturally according to descent, or artificially by other characters. Dominant languages and dialects spread widely, and lead to the gradual extinction of other tongues. A language, like a species, when once extinct, never, as Sir C. Lyell remarks, reappears. The same language never has two birth-places. Distinct languages may be crossed or blended together. We see variability in every tongue, and new words are continually cropping up; but as there is a limit to the powers of the memory, single words, like whole languages, gradually become extinct. As Max Müller has well remarked: - 'A struggle for life is constantly going on amongst the words and grammatical forms in each language. The better, the shorter, the easier forms are constantly gaining the upper hand, and they owe their success to their own inherent virtue'. To these more important causes of the survival of certain words, mere novelty and fashion may be added; for there is in the mind of man a strong love for slight changes in all things. The survival or preservation of certain favoured words in the struggle for existence is natural selection.²⁷

Cár fhág sé sin Éire agus na Gaeil? Mar chine beo sláintiúil ag treabhadh leo ar chonair aonair? Nó mar chine teipthe a raibh an t-anam ag dul as de réir mar a laghdaigh líon an chine tar éis an Ghorta Mhóir? Cár fhág sé sin an Ghaeilge? Mar theanga bheo bhríomhar nó mar chanúint smálaithe thruaillithe nach mbeadh aon rath uirthi? Cár fhág sé Gall-Ghaeilge na ndaoine, an chanúint nua sin a bhí ag teacht chun cinn ar mheascán den Bhéarla agus den Ghaeilge í?

Fiosraíonn an leabhar seo tionchar smaointe Darwin agus impleachtaí na dteoiricí – agus na bhfrith-theoiricí – a spreag sé do mhuintir agus do cheannairí na Gaeilge. Cé gur eascair meon agus dearcadh na nAthbheochanóirí i leith na teanga agus feidhm na teanga sa tsochaí ón náisiúnachas cultúrtha, ba é an *fin de siècle*, agus gach ar bhain léi, a mhúnlaigh meon na hAthbheochana, a chruthaigh dioscúrsa a mbeadh cumhacht agus bá ag an bpobal leis, agus a dhein cinnte de gur chuaigh soiscéal Chonradh na Gaeilge i bhfeidhm ar an bpobal. Is é an *fin de siècle*, más ea, an comhthéacs ceart cuí chun conspóidí, argóintí, coimhlíntí na hAthbheochana a phlé agus a mheas.

Is dlúthchuid den stair ó thus ama í an inní go bhfuil an domhan ag teacht chun deiridh agus is treise an inní sin ag deireadh an chéid. Cé go seachnaíonn tráchtairí a chreideann i leagan timthriallach den stair anachain agus matalang, is dual do thráchtairí a chreideann sa leagan teileolaíochta an-bhéim a chur ar chríoch na staire, móitíf a thagann chun cinn go hiondúil ag deireadh gach céid, mar a chonacthas sna blianta roimh 1999 agus an chonspóid faoi Y2K.²⁸

Go hiondúil samhlaítear an *fin de siècle* le ‘cultural malaise in late nineteenth century Europe’²⁹ ach níorbh í an naoú haois déag an chéad chéad a raibh inní ag a críoch go raibh an saol agus an domhan i mbaol.³⁰ Cé nárbh ionann *fin de siècle* an naoú haois déag agus na haoiseanna roimhe – ní raibh an creideamh ná an pholaitíocht lárnach mar a bhí sna 1490í agus sna 1790í³¹ – ‘the manifestations of millennial thinking still existed and indeed were inspired by the internationalism of the *fin de siècle* phenomenon,’ a deir Shearer West. Leanann sé air: ‘The models of decay and death, progress and renewal, were all present in the 1890s, but the dissemination of ideas on an international scale, as well as the hitherto unknown possibility of a world war, transformed these previously regionalized and religious themes into models of global significance’.³² Níl aon cheist ach go raibh an domhan ag athrú ar luas lasrach ag deireadh an naoú haois déag agus go raibh cumhachtaí idirnáisiúnta agus an nua-aoiseacht ag brú ar an saol agus ar an saoldearcadh traidisiúnta Éireannach. Mar a tuairiscíodh in *Casadh na Taoide*, bhí ‘daonra na tíre ag dul i laghad i gcónaí ó aimsir an Ghorta, bhí an ráta breithe ag titim freisin agus bhí an ráta pósta ab ísle san Eoraip ag Éirinn’.³³ Ba gheall le galar náisiúnta an imirce agus bhí forbairt na ngaltán, leathnú na mbóithre iarainn, gan trácht

ar úsáid innealra, ag athstruchtúró sochaí traidisiúnta na tíre. Feabhsaíodh na bóithre agus na seirbhísí gáltán, leathnaíodh an córas mionbhóithre iarainn agus tógadh droichid a cheangail go leor de na hoileáin bheaga leis an míntír. ‘Leathnaíodh tríothu seo go léir na seirbhísí poist agus teileagraif agus áiseanna margaidh, agus baineadh roinnt ó iargúlacht na gceantar’.³⁴ Ní dall a bhí na hAthbheochanóirí ar an suaitheadh sóisialta agus ar an gcorraíl luachanna a bhí ag athmhúnlú na tíre ón mbonn aníos agus ar chuir Pádraic Ó Conaire síos go ealaíonta air ina ghearrscéal ‘Páidín Mháire’ a bhain an chéad áit amach in Oireachtas na bliana 1904.³⁵

Dá mba í sin freagairt ealaíonta an scríbhneora, bhí freagairt an iriseora ar an gcéad leathanach den chéad uimhir d’*Irisleabhar na Gaedhilge* i mí na Samhna sa bhliain 1882, áit ar aithin an t-eagarthóir, Seághan Pléimion, gurb ‘aois iongantus an aois so’. Liostaigh sé go soiléir na hathruithe a bhí tar éis titim amach lena linn féin:

Atáid uallaighe ag a d-tarruing ar bhóithribh, agus talamh ag a treabhadh, le brighibh teine agus uisce; agus ar muir atáid loingear gan fiu an t-seoil ag imeacht ‘i n-aghaidh na tuile ’s i g-coinne na taoide’, agus i g-coinne na gaoithe mar an g-céadna. Is féidir teachtaireacht i sgríbhinn do chur timchioll na cruinne arís agus arís i g-ceathramha uaire an chloig: agus is féidir le beirt caint do dhéanadh le chéile agus leithead baile mhóir eadorra. Déantar iomhaighe do dhealbhadh le gaethibh na gréine a sméide súl, agus soillsighthear bailte móra le solus electreach: agus mar sin do chéad nídh eile; atáid siad ag a n-déanadh i modh do mheasfaidhe a bheith ’na dhraoigheacht tamall ó shoin. Agus ní h-é amháin go bhfuil ealadhna nuadha ag a g-cumadh, agus neithe nuadha ag a bh-fágáil amach gach lá, acht fós atá an fhírinne aga nochtadh i d-taobh neitheadh ar a raibh daoine in ainbhfíos ’riamh roimhe so.³⁶

Ní hamháin gur aithin an Pléimionach comharthaí sóirt na nua-aoiseachta agus claochlú an tsaoil os a chomhair, ach bhí sé ar an eolas faoin dul chun cinn léannta i dtaobh na dteangacha Eorpacha. Shéan sé agus dhiúltaigh sé do na seantuisicintí teangeolaíochta i dtaobh na Gaeilge:

Do saoiléadh ’riamh gur an aois so go m-budh teangtha comhghaoil an Eabhrais agus an Ghaedhilg, acht is eol do gach fear léighin anois gur ab gaol i bh-fad amach atá aca le chéile. Is fios, mar an g-céadna, do gach n-duine eolgach gur ab fogus é gaol ár d-teangan-ne do’n Laidion, do’n Ghréigis, do’n Bhéarla, do theangtaibh ba Gearmáine, na Fraince, na Spáinne, na h-Iodáile agus na h-India Shoir. Is foigse, fós, do’n Ghaedhilge an Bhreathnais agus teanga na Breatainne bige ’sa- bh-Frainc: agus is ró bheag nach í an chaint chéadna a tá againn féin agus ag muintir thuaiscirt Albann. An fad do bhí Eireannaighe mar so a n-ainbhfíos i d-taobh a d-teangan, do sgríobhadar mórán uirre do thug cúis maga fútha do luchd léighin, acht ó fuaradh amach go cinnte fios a comhghaoil do na teangthaibh eile úd do mhéaduigh meas na bh-fíor-eolgach uirre ar módh go bh-fuail mórán díobh anois i d-tíorthaibh coigriche ag a fóghluim.³⁷

B'ionann an léamh a deineadh ar staid na tíre agus scéal an náisiúin sa chéad eagrán de *An Claidheamh Soluis*: 'Strongly-built granaries stand empty; mills are silent; tanyards are closed; the cooper is gone; the shoemaker is disappearing, the nailer, with his little forge, has been swept away; the stray loom has vanished; the spinning-wheel is but a memory. With the industries have gone the people and their language'.³⁸ Dar leis an staraí Timothy McMahon is é a bhí i gceist leis an athrú seo ná 'an Irish manifestation of the impact that growing international economies of scale had on traditional production techniques', cé gur imir an t-athrú sóisialta seo olltionchar ar thuiscint mhuintir na hÉireann; 'their understanding,' a deir sé, 'was conditioned by the world that they knew, a world that had been profoundly reshaped over the preceding century'.³⁹ Ní filladh ar ársaíocht na nGael ná dearcadh primitibeach a bhí i gceist ach, mar a dhein nach mór gach grúpa san Eoraip, féachaint siar chun géarchéim an náisiúin a mheas agus an drochthionchar tionsclaíochta agus eacnamaíochta a lean an t-athrú teanga agus tréigean na teanga a thuiscint. Is é a bhí in Athbheochan na Gaeilge in Éirinn mar sin ná aisfhreagra na hÉireann ar an gclaochlú seo agus is mar leagan Éireannach den *fin de siècle* a fhiosrófar Athbheochan na Gaeilge sa leabhar seo.

Ba dhlúthchuid den *fin de siècle* í an easpa féinmhuiníne agus an t-éadóchas. Thug gach tír ar fud na hEorpa faoin ngéarchéim agus faoin gclaochlú áirithe seo ina bealach féin trí aghaidh a thabhairt ar réimsí mar chúrsaí oideachas, cúrsaí spóirt, oiliúint san arm, bunú eagraíochtaí, srl. Níorbh aon eisceacht í Éire agus is í Athbheochan na Gaeilge freagra na hÉireann ar an ngéarchéim Eorpach seo. Ba í an inní a bhuaill Mór-Roinn na hEorpa faoin nua-aoiseacht, faoin meathlú fisiciúil agus cultúrtha, faoi théip an chine, ba í a thug ar mhuintir na hÉireann tabhairt faoin Athbheochan, faoin nGaeilge agus faoi chultúr na Gaeilge a tharraingt chucu féin mar sciath chosanta roimh sceilmis agus sceimhle an *fin de siècle* agus ar ghabh leis.⁴⁰

Ach tá níos mó i gceist leis an *fin de siècle*, mar a deir Ledger agus Luckhurst, ná dioscúrsa an mheathlaithe: 'The current focus of the *fin de siècle* has risked becoming too fascinated with the gothic science of degeneration, forgetting a host of other voices that contested visions of collapse with dreams of regeneration'.⁴¹ I measc na dtéamaí agus na sruthanna eile sin, áirítear díothú ciníocha, cros-síolrú ciníocha, meascadh fola idir ciníocha, ceist na mban nua, forbairt na teicneolaíochta agus forbairt na gcathracha, agus pléifear cuid de na téamaí sin de réir mar a bhaineann siad le scéal na Gaeilge.

Is é cuspóir an leabhair seo ná anailís fhuarchúiseach a dhéanamh ar bhunfhoincíní na hAthbheochana laistigh de dhioscúrsa an *fin de siècle* agus aird an léitheora a tharraingt ar na buntáistí agus na tairbhí atá le baint as an Athbheochan a léamh ó thaobh an *fin de siècle* Eorpaigh de. Is é atá i

gceist le hAthbheochan na Gaeilge, más ea, ná cuingir de dhioscúrsaí agus de théamaí a bhí in uachtar ar fud na hEorpa agus, go deimhin, go leor den domhan sa tarna leath den naoú haois déag, a bhuíochas a bheag nó a mhór do théis Darwin, agus gur tháinig na smaointe sin le chéile sa *fin de siècle*. Is i dtéarmaí na mblianta deireanacha den aois Eorpach sin, mar sin, ba chóir fréamhacha agus fáthanna na hAthbheochana a lonnú agus a fhiosrú. Is insint eile í seo ar Athbheochan na Gaeilge a fhéachann le hollscéal na hAthbheochana mar atá sé faoi láthair a shaibhriú agus a leathnú. Deintear sin ionas go gcuirfear ní hamháin lenár dtuiscint faoin Athbheochan ach faoi na hidé-eolaíochtaí agus faoi na fáthanna éagsúla a bhain léi, agus deintear an Athbheochan a chomhthéacsú laistigh de stair intleachtúil na hEorpa dá bharr. Áitíonn an leabhar seo go bhfuil fáthanna na hAthbheochana le haimsiú sna gluaiseachtaí machnaimh a shamhlaítear leis an *fin de siècle* – an náisiúnachas cultúrtha, an meathlú, an cros-síolrú, truailliú na fola agus an díothú cine. Ní hamháin gur tháinig an Athbheochan faoi anáil na ngluaiseachtaí smaointe agus machnaimh seo, ach d’fhág siad a rian ar chonspóidí na hAthbheochana agus ar fhriotal na hAthbheochana. Fiosraítear na téiseanna, meonta agus tuiscintí comhaimsire sa leabhar seo chun an Athbheochan a shuíomh ina comhthéacs ceart, comhthéacs a ligeann dúinn ráitis agus téacsanna na hAthbheochana a fheiscint as an nua, b’fhéidir, agus a spreagann comparáidí idir tuiscintí agus gníomhartha na nAthbheochanóirí Gaeilge agus imeachtaí san Eoraip agus sna Stáit Aontaithe. Seachas a bheith ag tagairt siar de shíor do ‘tionchar athlámhe ó aois an rómánsachais’ agus ag trácht ar Herder, ar Fichte agus ar Humboldt amháin, léiríonn an téis seo gur fearr an léargas a thugtar ar an Athbheochan má lorgaítear a bunús i scríbhinní agus i dteoiricí leithéidí na n-intleachtóirí seo a leanas: Charles Darwin, Robert Knox, Frederic Max Müller, Arthur Gobineau, Max Nordau, Benedict Augustine Morel, Cesare Lombroso, Matthew Arnold. Is iad na smaointe a bhí agus atá laistiar den Athbheochan is spéis leis an leabhar seo agus ní daoine ná dátaí. Ní stair liteartha é an saothar seo, ach iarracht chun bunsmaointe, buntuiscintí agus idé-eolaíocht na hAthbheochana a thabhairt chun solais, mar feictear nach n-éiríonn leis an náisiúnachas cultúrtha amháin go leor buncheisteanna faoin Athbheochan a fhreagairt go hiomlán ná go sásúil. Tá sé de bhuntáiste ag an gcur chuige seo go gceadaíonn sé dúinn an Athbheochan a shuíomh i gcomhthéacs idirnáisiúnta Eorpach seachas mar imeacht imeallach Éireannach amháin. Seachas an Athbheochan agus feachtas Chonradh na Gaeilge a léamh i dtéarmaí stair pholaitiúil na hÉireann amháin, léitear í mar aisfhreagra na Éireann ar an *fin de siècle* a bhí go mór faoi chomaoin ag gluaiseachtaí smaointe agus intleachtúla na hEorpa.

Sna chéad chúig chaibidil deintear scagadh ar na príomhthéamaí cultúrtha a d’imir tionchar ar Athbheochan na Gaeilge. Sa chéad chaibidil

deintear iniúchadh ar an náisiúnachas cultúrtha agus a thionchar ar thuiscint na nAthbheochanóirí ar fheidhm, ról agus ar leas na teanga sa tsochaí. Sa tarna caibidil fiosraítear an meathlú mar théama cultúrtha Eorpach, go háirithe tar éis do Max Nordau aird an phobail Eorpaigh a tharraingt ar an scéal. Scrúdaítear freisin an tslí ar fheidhmigh an meathlú laistigh de dhioscúrsa na Gaeilge agus iarrachtaí éagsúla na nAthbheochanóirí tabhairt faoin dúshlán seo, agus deintear comparáid idir iarrachtaí éagsúla i Sasana, ar nós imeachtaí Baden-Powell, chun pobal faoi leith a shlánú ón meathlú. Sa tríú caibidil pléitear teoiric na gcíníochas díothaithe a d'fhás as téis Darwin maidir le bua na hoiriúnachta agus iarrachtaí na nAthbheochanóirí cur i gcoinne na tuairime go raibh an cine Gaelach ar an dé deiridh. Ina theannta sin déantar cur síos ar theoiric na fola agus an chros-síolraithe, mar a d'fhógair Knox agus Galton iad, agus baint na dtuairimí sin le forbairt na teanga Gaeilge agus leis an bhfoclóir Gaeilge. Taispeántar go raibh eolaíocht na fola, an chros-síolraithe agus an chiníochais lárnach i dtuiscint agus i saoldearcadh na nAthbheochanóirí, go háirithe maidir leis an mBéarlachas, nó 'an Ghall-Ghaeilge' mar a thugtaí uirthi. Sa cheathrú caibidil tagann na sruthanna sin le chéile sa phlé ar an 'mBéarlachas' arbh é an toradh é ar mheascadh ciníochas nó teangacha. Deintear scagadh ar dhearcadh na nAthbheochanóirí ar an mBéarlachas mar thoradh agus mar phróiseas, agus ar ról na mban agus na gclochar mar ghníomhairí agus mar thraiseolaithe an Bhéarlachais. Baineann an cúigiú caibidil le hiarrachtaí éagsúla chun cur i gcoinne an Bhéarlachais i dtéarmaí stíle, comhréire, abairte agus foclóra, agus léiríonn an anailís seo an oiread is a bhí na hAthbheochanóirí i dtiúin agus faoi thionchar na smaointeoireachta comhaimseartha maidir le heolaíocht an chiníochais a d'fhás ó theoiricí Darwin.

Is é atá sa chuid eile den saothar seo ná scagadh ar mhórchonspóidí na hAthbheochana – an cló, an litriú, na canúintí, an ghramadach – agus tríd an scagadh sin léirítear gurbh iad na gluaiseachtaí intleachtúla ar cuireadh síos orthu sa chéad chúig chaibidil a stiúir agus a mhúnlaigh na conspóidí a gcuirtear síos orthu anseo. Deintear ceist an chló a fhiosrú agus taispeántar nár dhiospóireacht imeallach, thánaisteach in aon chor a bhí inti, ach conspóid a chuaigh go croilár na hAthbheochana agus a léiríonn buntuisicint na linne ar cheist an mheathlaithe, an fhuinnimh agus slánú an chine Ghaelaigh. Léiríonn an chaibidil ar litriú na Gaeilge na tuiscintí éagsúla arbh ann dóibh maidir le díothú na gcíníochas agus an éiginnteacht a bhí ann maidir leis 'an traidisiún'. Déanann caibidil a hocht agus a naoi plé ar na canúintí agus ar an ngramadach agus pléitear teagasc an Ghearmánaigh Max Müller maidir le tuiscint na nAthbheochanóirí ar na ceistanna seo. Críochnaítear leis an litriocht agus le grinnstaidéar ar scéal na n-úrscéalta Gaeilge ón mbliain 1901, *Cormac Ua Conaill agus Grádh agus Crádh*, chun léiriú a thabhairt ar an tslí ar tháinig nualitricíocht na Gaeilge faoi anáil na ngluaiseachtaí smaointeoireachta a pléadh sa

chéad chúig chaibidil, agus taispeántar gur scríobhadh agus gur pléadh iad laistigh de dhioscúrsa an *fin de siècle*.

Níor chuireas romham stair chróineolaíoch na hAthbheochana a bhreacadh anseo ná stair Chonradh na Gaeilge mar eagraíocht fhorásach. Is cuntas é seo ar na smaointe agus ar na coincheapa a spreag gluaiseacht na Gaeilge suas go dtí 1901, agus is idé-eolaíocht agus tuiscint chultúrtha Chonradh na Gaeilge roinnt mhaith dá bhfuil ar fáil anseo. Tagann agus imíonn smaointe ó am go chéile, agus is rídheacair dáta cinnte a leagan ar an uair a nochtar smaoinemh den chéad uair i gcló nó an uair a nglacann mionlach den phobal nó an pobal ar fad leis. Tagraítear corruair do nithe a bhaineann le tréimhse níos déanaí ná 1901 agus déantar sin ar an gcúis gur eolas tábhachtach é a chuireann leis an argóint. Is iad na smaointe laistiar den Athbheochan is spéis liom seachas beathaisnéisí ná stair liteartha a sholáthar mar tá a leithéid curtha ar fáil go cumasach agus go slachtmhar cheana féin ag Proinsias Mac Aonghusa, Pádraig Ó Fearáil, Risteárd Ó Glaisne, Philip T. O’Leary, Traolach Ó Ríordáin, Máirtín Ó Murchú, Timothy G. McMahon agus daoine eile nach iad in iliomad alt agus aistí.⁴² Beartaíodh gurbh fhearr stopadh ag an mbliain 1901 ar an dá chúis seo a leanas: ba í sin an bhliain ar foilsíodh an chéad dá úrscéal Gaeilge ina n-iomláine, faoi aon chlúdach amháin seachas mar shraith. Ina theannta b’fhearr scagadh nualitrichta na hAthbheochana a fhágaint d’ócáid eile ionas go dtabharfaí cothrom na féinne di seachas líochán an chait anseo. Ina theannta sin is timpeall na bliana 1901 a thosnaigh méadú thar cuimse ag teacht ar líon na ggraobhacha de Chonradh na Gaeilge ar fud na hÉireann agus thar lear. De réir mar a mhéadaigh líon na mball agus líon na ggraobhacha, áfach, thosnaigh smaointe eile ag brú chun cinn, agus is minice ná a chéile go raibh an pholaitíocht ina cnámh spairne. Tá Tom Garvin⁴³ go láidir den tuairim gur thosnaigh an ionsiathlái a dhein Bráithreachas Phoblacht na hÉireann ar Chonradh na Gaeilge sa bhliain 1900, agus áitíonn Charles Townsend gurbh í an bhliain sin an uair ar thosnaigh Conradh na Gaeilge ag athrú ó ‘a coterie to a mass organization, albeit still heavily over-represented in Munster generally and Cork in particular’.⁴⁴ Ós rud é gurbh é tionchar na ngluaiseachtaí smaointeoireachta Eorpacha ar idé-eolaíocht na hAthbheochana is fócas den leabhar seo, beartaíodh gan dul i ngleic le ceist na polaitíochta ach cloí le stair intleachtúil na hAthbheochana agus gan díriú ar pholaitíocht Chonradh na Gaeilge, mar is leithne agus is saibhre dioscúrsa na Gaeilge le linn na hAthbheochana ná aon eagraíocht amháin⁴⁵

1

An Náisiúnachas Cultúrtha agus an Ghaeilge

For the nationalism of a colonized people requires that its history be seen as a series of unnatural ruptures and discontinuities imposed by an alien power while its reconstruction must necessarily pass by way of deliberate artifice.¹

David Lloyd

Agus is fiú a choinneáil i gcuimhne gur ó bhastard teanga a shíolraigh Béarla Chaucer, agus ina dhiaidh sin Béarla Shakespeare.²

James McCloskey

Tá stair fhada san Eoraip ag an tuiscint go n-íompraíonn teanga cultúr agus luachanna sóisialta. Is tuiscint shochtheangeolaíoch í seo a shíolraíonn ó theoiricí de chuid J. G. Fichte, Gearmánach a d'fhoilsigh téis ar an ábhar seo faoin teideal *Reden an die deutsche Nation* (Óráid don Náisiún Gearmánach) sa bhliain 1807-08, le linn do Napoleon a bheith ag cur cathair Berlin faoi léigear, tar éis d'fhórsaí míleata na Fraince greadadh lámh agus bualadh bos a thabhairt d'arm na Prúise. Bhuaigh an Fhrainc an cogadh seo, dar le Fichte, mar ba náisiún láidir í a labhair a teanga dhílis féin go bródúil agus go mórtasach, murarbh ionann is muintir na Prúise, a d'imigh i bhféith ón bhfirinne nuair a chinn siad ar bhreactheanga loite thruaillithe le foclóir Francise a labhairt agus bréagchultúr a bhí cloíte ag nósanna gallda ón bhFrainc a chleachtadh. Tuigeadh do Fichte, ní hamháin go mbaineann cainteoir teanga go dlúth le náisiún na teanga sin, ach gurb í an teanga an ghné leanúnach shíoraí a aontaíonn an náisiún mar aonad agus a chuireann cóir ghaoithe i seolta an náisiúin sin. B'ionann don náisiún a theanga a thréigean nó foclóir teanga eile a shú isteach agus caidhp an bháis a chur air féin. B'ionann an gaol idir teanga agus náisiún, dar leis, agus an gaol idir anam agus corp daonna.³

Thóg Wilhelm von Humboldt ar theoiric Fichte de réir a chéile, agus faoin mbliain 1822 glacadh go forleathan leis gurbh ionann teanga agus spiorad an náisiúin: 'Language is the external manifestation, as it were, of the spirit of a nation. Its language is its spirit and its spirit is its language; one can hardly think of them as sufficiently identical'.⁴ Ba í an teanga spiorad an náisiúin agus ba í spiorad an náisiúin an teanga nó, mar a déarfadh lucht na Gaeilge agus athfhriotail curtha acu ar mhana na hÍsiltíre: 'Tír gan teanga, tír gan anam'. Go traidisiúnta chreidítí, de réir mar a d'fhógair an Bíobla, gur labhraíodh aon teanga amháin sular thit túr Babel as a chéile, agus dá bhféadfaí an bhunteanga sin a aimsiú arís go ndéanfaí gaisce ar mhaithe le leathnú creidimh, síochána, gnó, agus eolaíochta.

D'imigh an teoiric sin as faisean i measc aos dána na hEorpa, áfach, agus glacadh leis gurbh ann do theangacha éagsúla ariamh. Dar leis an téis seo, mhúnlaigh an teanga traidisiúin agus nósanna an phobail agus ba é sin an fáth nárbh ionann aon dá náisiún: 'In this formation, the notion of "genius" was employed as a means of explaining how each language contains its own particular vision of the world. Yet such a notion also implies that language were mutually incommensurable'.⁵ Thug Humboldt an teoiric seo chun críche agus chun mine lena thuiscint gur iompair gach teanga a cló féin agus gur sa chló sin a lonnaigh saoldearcadh sainiúil an náisiúin sin, *innere sprachform*.⁶ D'imir teagasc Humboldt tionchar lárnach ar náisiúnaigh na hEorpa, náisiúnaigh na hÉireann ina measc. Dá mb'fhíor go raibh saoldearcadh éagsúil á iompar ag gach teanga, níorbh fholáir teanga a bheith ag aon dream ar theastaigh uathu stádas an náisiúin neamhspleách a bhaint amach, agus is as an tuiscint seo a shíolraíonn go leor de theagasc Thomas Davis agus John Mitchell i dtaobh na Gaeilge. Is mar seo a labhair Thomas Davis ar an nGaeilge in *The Nation*:

The language, which grows up with a people, is conformed to their organs, descriptive of the climate, constitution, and manners, mingled inseparably with their history and their soil, fitted beyond any other language to express their prevalent thoughts in the most natural and efficient way. To impose another language on such a people is to send their history adrift among the accidents of translation – 'tis to tear their identity from all places – 'tis to substitute arbitrary signs for picturesque and suggestive names – 'tis to cut off the entail of feeling, and to separate the people from their forefathers by a deep gulf – 'tis to corrupt their very organs, and abridge their power of expression.⁷

Ar nós go leor eile de na gluaiseachtaí polaitiúla ar fud na hEorpa sa naoú haois déag, chreid baill Young Ireland go raibh féiniúlacht faoi leith ag Éirinn a thabharfadh na codanna éagsúla den tír le chéile agus a thabharfadh treoir chinnte faoi thodhchaí na tíre. Ní raibh tiortha ar nós na hÉireann in ann a neamhspleáchas a bhunú trí fheachtas cogaióchta i gcoinne ríthe sa tslí chéanna ar thug Meiriceá agus an Fhrainc na cosa leo. B'éigean dóibh dá bharr sin díriú ar aontacht chultúrtha arbh ann di roimh theacht na nGall, aontacht a cheadódh neamhspleáchas mar náisiún faoi leith anois. Mar a mhíníonn David Lloyd agus é ag cur síos ar thuiscint Young Ireland ar ról na teanga agus cothú an stáit: 'The "self" of the nation is, in the first instance, discerned in the language that provides the objective basis for cultural unity'.⁸ Anuas air sin, is é a chruthaigh tuiscint agus dearcadh lucht na hAthbheochana ar fheidhm agus ról na teanga le linn na hAthbheochana.

Ghéill gluaiseacht na Gaeilge don smaoinemh seo gach uile sheachtain sna hirisí Gaeilge tríd an mana a bhíodh timpeall ar eagarfhocal an nuachtáin *Fáinne an Lae* go seachtainiúil:

‘Cúis na Gaedhilge cúis na hÉireann’

Fáinne an Lae

“A Nation should guard its language more than its territories – ’tis a surer barrier, and more important frontier, than fortress or river.” –
THOMAS DAVIS

B’ann dó i mBéarla agus i nGaeilge go soiléir seachtain i ndiaidh seachtaine chun an soiscéal a mheabhrú don phobal: ba í an Ghaeilge a d’iompair meon na hÉireann. An té a labhair Béarla amháin, ba faoi smacht Shasana a bhí a mheabhair, mar níorbh fhéidir le meon ar bith é féin a fhuascailt ó shlabhra na teanga trínar léirigh sé é féin. Ba iad na Gaeil a mhúnlaigh an Ghaeilge i gcaitheamh na mblianta, agus ba é an scéal céanna é ag an mBéarla. Thagadh an tuiscint seo ar chumas teanga chun cinn go tréan nuair a dheintí díospóireacht ar inní an phobail faoin mBéarlachas nó an ‘Ghall-Ghaeilge’, ábhar a ndéanfar scagadh air ar ball. Threisigh fógraí sna nuachtáin Ghaeilge leis an alt creidimh seo go rialta; is léir ón bhfógra seo a leanas go raibh an tuiscint seo ina bunchuid d’aon iarracht chun craobh nua a bhunú.⁹

AR SON THEANGADH NA n-GAEDHEAL.

Is Ionann Teanga agus Náisiúntachd.

**Language is Nationality.
No Language, No Nation**

A PUBLIC MEETING in support of the Irish Language Movement will be held in Kilrosanty, Co. Waterford, on Sunday, August 13, immediately after last Mass,

Rev. MICHAEL CASEY, P.P., in the Chair.

Rev. Dr. Henebry, Professor of Irish in Washington University, and President of the Gaelic League of America; Rev. Dr. Hickey, M.R.I.A., F.R.S.A.I., Professor of Irish in Maynooth College, and Vice-President of the Gaelic League; and other speakers will deliver Addresses.

Béidh an Báire againn le Congamh Dé.

Níl aon cheist ann ach gur tháinig na tuairimí seo a shamhlaítear le Fichte, Humboldt, Herder agus daoine nach iad, i dtaobh nádúr teanga, go hÉirinn agus gur imir siad tionchar ar dhearcadh na ndaoine roimh, le linn, agus go deimhin i ndiaidh, Athbheochan na Gaeilge. Ní hamháin gur shroich tuiscintí agus teoricí aós dána na hEorpa talamh na hÉireann, ach tháinig